Comhairle Chontae An Longfoirt
Longford County Council

# Fógra Príobháideachais
# **Leabharlanna, Cartlann agus Oidhreacht**

Ag Leabharlanna, Cartlann agus Oidhreacht Chomhairle Chontae an Longfoirt tuigimid go bhfuil príobháideacht agus slándáil do chuid faisnéise pearsanta (sonraí) tábhachtach agat. Tugann an fógra príobháideachais seo breac-chuntas ar an gcaoi a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta de réir na ndlíthe um chosaint sonraí.

Léigh an fógra seo mar aon le príomh **Bheartas Príobháideachais** Chomhairle Chontae an Longfoirt.

Scan le hamharc air **Príomhbheartas Príobháideachais**

**Cabhair ag Teastáil Uait?** Conas cód QR a scanadh

1. **Oscail d'aip cheamara**
2. **Frámáil an cód QR**
3. **Cliceáil ar an mír aníos**

# Fógra Príobháideachais **Leabharlanna, Cartlann agus Oidhreacht**

## Cén fáth a bpróiseálann Leabharlanna, Cartlanna agus Oidhreacht do shonraí pearsanta?

Próiseálaimid do shonraí pearsanta (faisnéis) chun seirbhísí leabharlainne agus faisnéise a sholáthar duit.

## Cad iad na sonraí pearsanta a phróiseálann Leabharlanna, Cartlann agus Oidhreacht?

### Próiseálaimid na sonraí pearsanta seo a leanas:

- Ainm
- Seoladh Baile
- Seoladh ríomhphoist
- Dáta breithe
- Uimhir Phearsanta Seirbhísí Poiblí (UPSP)
- Sonraí airgeadais na dtrádálaithe aonair, na gconraitheoirí aonair nó na soláthróirí aonair chun íocaíocht a shocrú
- Uimhir theileafóin
- Tuairimí polaitiúla
- Íomhánna ó ghrianghraif a tógadh ag imeachtaí nó ó CCTV slándála i bhfoirgnimh na Comhairle
- Aitheantas grianghrafadóireachta
- Eolas teaghlaigh
- Uimhir chárta ballraíochta na leabharlainne
- Creideamh
- Ballraíocht i gceardchumainn.



## Cad a deir an dlí faoin gcaoi a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta?

### Seo iad na trí chás ina ndeir an dlí gur féidir linn do shonraí pearsanta a úsáid:

| Staid | Sampla |
|---|---|
| Tugann tú do thoiliú dúinn d'fhaisnéis a úsáid | Cur isteach ar chomórtais nó a bheith curtha le liosta seoltaí |
| Chun ligeann dúinn tasc a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail agus nó ar ár ndualgas oifigiúil mar údarás áitiúil mar a cheadaítear faoin reachtaíocht Rialtais Áitiúil | Iarratas le bheith i do bhall den leabharlann |
| D'fhonn conradh a aontú | Agus sinn ag íoc as soláthairtí nó seirbhísí |

## Cé leis a roinnfidh Leabharlanna, Cartlanna agus Oidhreacht do shonraí pearsanta?

### D'fhéadfaimis do chuid sonraí pearsanta a roinnt leis na grúpaí seo a leanas, ach ní fhéadfaimis iad a roinnt ach amháin nuair is gá:

- An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
- An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
- Taisclann Dhigiteach na hÉireann
- Ginealeolaithe
- An Chomhaire Oidhreachta
- Staraithe
- Taighdeoirí
- Neasghaol (agus taighde á dhéanamh ar chartlanna oifigiúla de ghnáth)
- Soláthraithe seirbhíse tríú páirtí
- Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach

TUSLA
An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

### Má theastaíonn tuilleadh sonraí uait faoin gcaoi a láimhseálaimid do chuid sonraí i Leabharlanna, Cartlann agus Oidhreacht, déan na nithe seo a leanas le do thoil:

| Roghanna teagmhála | Sonraí Teagmhála |
|---|---|
| **Guthán** | 043 334 4207 |
| **Ríomhphost** | dpo@longfordcoco.ie |

**D'úsáideamar treoirlínte teanga simplí chun an polasaí seo a chruthú**